Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**16222/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0334 (NLE)**

**CLIMA 573**
**ENV 1313**
**ENER 641**
**TRANS 618**
**ECOFIN 1658**
**COMPET 1272**
**IND 561**
**MI 988**
**AELE 111**
**CH 63**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15625/25 + ADD 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 14801/25 + ADD 1 |
| Ábhar: | DRÉACHT-Chinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh, a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú a leasú<br>– Glacadh |

1. An 10 Samhain 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2017/2240 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh ('an Comhaontú')[1]. Síníodh an Comhaontú an 23 Samhain 2017.

2. Tugadh an Comhaontú i gcrích le Cinneadh (AE) 2018/219 ón gComhairle[2] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2020.

[1] IO L 322, 7.12.2017, lch 1.
[2] IO L 43, 16.2.2018, lch. 1.

3. Le hAirteagal 12 den Chomhaontú, bunaítear Comhchoiste a bheidh freagrach as cur chun feidhme an Chomhaontaithe. De bhun Airteagal 12(3) den Chomhaontú, féadfaidh an Comhchoiste cinntí a ghlacadh a bheidh ina gceangal ar na Páirtithe, ar theacht i bhfeidhm do na cinntí sin. I gcomhréir le hAirteagal 13(2) den Chomhaontú, féadfaidh an Comhchoiste na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú a leasú.

4. An 31 Deireadh Fómhair 2025, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinní I a ghabhann leis an gComhaontú a leasú.[3]

5. Is é is aidhm don Chinneadh atá beartaithe na critéir fhíor-riachtanacha a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú a ailíniú le reachtaíocht nuashonraithe san Aontas agus i gCónaidhm na hEilvéise.

6. Tháinig an Mheitheal um an gComhshaol ar chomhaontú maidir le téacs an togra ón gCoimisiún ag an gcruinniú a bhí aici an 18 Samhain 2025.

7. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh go nglacfaidh an Chomhairle, mar mhír ‘A’ ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, an Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh, a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú a leasú[4].

8. Déanfar téacs an Chinnidh ón gComhairle a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa mar eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

---

[3] 14801/25 + ADD 1
[4] 15625/25 + ADD 1.